Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12571/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0189(NLE)**

**SCH-EVAL 123**
**ENFOPOL 466**
**COMIX 433**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11956/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an**Iodáil** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Meán Fómhair 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear meicníocht um meastóireacht agus faireachán chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen ar an Iodáil i réimse an chomhair póilíneachta i mí an Mheithimh 2021. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 730 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Ar an leibhéal straitéiseach, tá córas ilchasta curtha ar bun ag an Iodáil chun ailíniú straitéiseach agus comhordú oibríochtúil a áirithiú idir a gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí éagsúla. Ar an leibhéal oibríochtúil, tá oifigeach idirchaidrimh de chuid an Gharda Cósta sannta ag an Iodáil dá Pointe Teagmhála Aonair chun malartú faisnéise idirnáisiúnta a chothú. Ina theannta sin, comhroinneann an Iodáil an líon is mó imscrúduithe casta le Europol agus trí Europol, rud a théann chun tairbhe d'imscrúduithe i dtíortha eile. Ar leibhéal idirnáisiúnta níos leithne, tá líonra mór d'oifigigh idirchaidrimh ag an Iodáil agus baineann oifigigh idirchaidrimh eachtracha in Iodáil leas as seisiúin oiliúna chomhpháirteacha.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le glacadh ag an Iodáil chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholadh 2 agus moltaí 4 - 8 a chur chun feidhme.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 6 mhí ó ghlacadh an Chinnidh, déanfaidh an Iodáil, de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, a mheasúnú ar chur chun feidhme féideartha na moltaí le haghaidh feabhsuithe a sholáthar don Choimisiún agus tuairisc ar na gníomhaíochtaí a cheanglaítear uirthi a dhéanamh.

TAR ÉIS AN MÉID SEO A MHOLADH:

Ba cheart don Iodáil an méid seo a leanas a dhéanamh

**Straitéis um measúnú riosca, anailís riosca agus táirgí anailíseacha comhchosúla**

1. straitéis chuimsitheach um measúnú riosca a fhorbairt lena gcuirtear san áireamh bagairtí trasteorann, agus ina gcuimsítear bagairtí arna sainaithint ag na fórsaí forfheidhmithe dlí go léir ón leibhéal áitiúil suas go dtí an leibhéal náisiúnta ar aghaidh;

**Pointí Teagmhála Aonair**

2. an córas bainistithe cásanna a fheabhsú trí uathoibriú na próiseála faisnéise a mhéadú (lena n-áirítear comhtháthú na gcainéal Europol agus Interpol) agus inneall sreafa oibre a chur leis (lena n-áirítear an Sreabhadh Oibre le haghaidh Doiciméid Ríomhshínithe chun an cleachtas páipéarbhunaithe atá ann faoi láthair a ionadú). Ní mór an córas bainistithe cásanna a chur ar fáil go tapa le haghaidh na Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim;

3. comhtháthú níos fearr a áirithiú idir na deasca idirnáisiúnta éagsúla lena ngabhann, mar thaca, treoirlínte i scríbhinn maidir le rogha an chainéil idirnáisiúnta;

**Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí**

4. idirnascacht amas/gan amas a áirithiú idir bunachair sonraí náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí, agus idir bunachair sonraí náisiúnta agus bunachair sonraí idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí;

5. na nósanna imeachta a athbhreithniú go tapa chun rochtain dhleathach ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) a áirithiú, lena n-áirítear cuardaigh le sonraí bithmhéadracha, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí i gcomhréir le Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle;

6. an feidhmchlár cuardaigh náisiúnta (SDI) a fheabhsú ar ghairis deisce agus mhóibíleacha ionas gur féidir cuardaigh aonair a dhéanamh ar nithe (go háirithe doiciméid chéannachta) agus ar dhaoine aonair, agus a áirithiú san am céanna go bhfuil sé éigeantach seiceálacha a dhéanamh i gCóras Faisnéise Schengen agus i mbunachair sonraí Interpol agus go gcuirtear os comhair an úsáideora go soiléir na gníomhaíochtaí atá le déanamh aige;

7. úsáid an Fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise de chuid Europol a leathnú chuig na húdaráis inniúla uile agus chuig aonaid oibríochtúla uile na Seirbhíse Idirnáisiúnta um Chomhar Póilíneachta (SPOC) agus chuig Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim, agus leas á bhaint as inniúlacht iomlán na huirlise;

8. an rochtain ar an gCóras Faisnéise Europol a leathnú chuig aonaid imscrúdúcháin mar aon le hoiliúint chomhfhreagrach le haghaidh úsáideoirí deiridh, agus an t-uathlódálaí sonraí le haghaidh Chóras Faisnéise Europol a fheabhsú;

9. leas iomlán a bhaint as Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 a mhéid a bhaineann le rochtain a n-údarás inniúla ar bhunachar sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;

**Comhar idirnáisiúnta trasteorann**

10. a áirithiú i gcomhpháirtíocht leis na tíortha comharsanachta, idir-inoibritheacht na n-uirlisí radachumarsáide trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 44 den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme;

**Acmhainní daonna agus oiliúint**

11. oiliúint éigeantach dhomhain leanúnach sa bhreis a chur ar fáil le haghaidh na mball foirne ábhartha go léir maidir le húsáid na mbunachar sonraí póilíneachta agus na n-uirlisí comhair (amhail Airteagail 40 agus 41 den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle) arna saincheapadh do na tasc-thuairiscí éagsúla. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhaill foirne an Phointe Teagmhála Aonair agus don chúrsa oiliúna comhpháirteach idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha;

12. feasacht a mhéadú faoin reachtaíocht maidir le sceithirí a chosaint agus maidir leis an sásra um thuairisciú;

13. feasacht a mhéadú maidir le húsáid SISFOR mar uirlis ríomhfhoghlama agus treoracha a chur ar fáil ina leith, lena n-áirítear modúil maidir le comhar póilíneachta idirnáisiúnta agus ábhar Schengen.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---